

Gaelscoil sa Ghaeltacht

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi fheachtas atá ar siúl Gaelcholáiste a bhunú i gConamara. Sula bhféachann tú ar an mír, pléigh na difríochtaí atá idir an dá chineál scoile seo leis an duine in aice leat:

Gaelscoil agus ***Scoil sa Ghaeltacht***

Ceist 2 Cén Ghaeilge atá ar na focail agus ar na frásaí seo thíos? Beidh siad le cloisteáil sa mhír ar ball.

- small amount
- in the post-primary schools
- which is rousing them into action
- busy
- the ... are accused of
- middle class
- with little Irish
- society in general
- linguists
- the general public

Féach ar an mír den chéad uair, le feiceáil an raibh an ceart agat.

Ceist 3 Anois, féach ar an tuairisc arís agus freagair na ceisteanna seo:

1. Cén feachtas atá i gceist i nGaeltacht Chonamara agus cén fáth a bhfuil na tuismitheoirí ag cur a leithéid d'fheachtas ar bun?
2. Cad a bhí le rá ag na daoine seo a leanas?

Ronan Browne
Triona Uí Mhurchú
Darach Ó Scolaí

3. Cén áit a bpléifear ceist na gaelscolaíochta seo agus cé a bheidh ann?

Ceist 4 Cén chanúint atá ag na cainteoirí sa mhír? Cad iad na focail agus na gnéithe den teanga a chuireann an chanúint sin in iúl?

Ceist 5 Bí ag obair leis an duine in aice leat. Féachaigí ar na focail seo a bhí sa mhír agus cuirigí sna boscaí cuí iad. Féachaigí san fhoclóir más gá.

feachtas, scoil, amhrán, margadh, Gaeltacht, deis, teangeolaí, gaelscolaíocht

Ainmfhocail bhaininscneacha	Ainmfhocail fhirinscneacha

Anois, féachaigí ar na pointí seo, a chuideodh le duine inscne an ainmfhocail a aimsiú. Cuirigí na pointí sna boscaí cuí thíos agus tugaigí samplaí breise i ngach cás.

- ✓ Ainmfhocail a chríochnaíonn le –lann: *bialann*
- ✓ Ainmfhocail a chríochnaíonn le –eog agus –óg: *bábóg*
- ✓ Ainmfhocail a chríochnaíonn le –íocht agus –aíocht agus a mbíonn dhá shiolla nó níos mó iontu: *filíocht*
- ✓ Ainmfhocail a chríochnaíonn le –eacht nó –acht ach nach bhfuil ach siolla amháin acu: *smacht*
- ✓ Ainmfhocail a chríochnaíonn le –éir, -eoir, -óir, -úir, -í, -aí agus a bhaineann le gairmeacha de ghnáth: *tiománaí*
- ✓ Ainmfhocail a chríochnaíonn le –eacht agus –acht agus a mbíonn dhá shiolla nó níos mó iontu: *tábhacht*
- ✓ Ainmfhocail a chríochnaíonn le consan caol: *cúis*
- ✓ Ainmfhocail a chríochnaíonn le consan leathan: *fómhar*
- ✓ Ainmfhocail a chríochnaíonn le –ín: *dreoilín*

Ainmfhocail bhaininscneacha	Ainmfhocail fhirinscneacha

Ceist 6

Tá a lán frásaí i nGaeilge a bhfuil an focal *leith* iontu. Cuir na cinn thíos in abairtí lena mbrí a léiriú:

- ar leith
- cuir i leith duine
- tar i leith
- bheith i leith duine
- ó shin i leith

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

Is féidir gach beirt a chur ag plé na ceiste seo sula seinntear an tuairisc nó iad a chur ag obair i ngrúpaí de thriúr nó de cheathrar.

Gaelscoil: Scoil ina múintear na hábhair ar fad trí mheán na Gaeilge agus ina bhfuil an Ghaeilge mar phríomhtheanga na scoile. Bíonn Gaelscoileanna suite taobh amuigh den Ghaeltacht. Bunaítear iad dóibh siúd a bhfuil oideachas trí mheán na Gaeilge ag teastáil uathu sa Ghalltacht.

Scoil sa Ghaeltacht: Scoil atá lonnaithe sa Ghaeltacht agus ina bhfuil an Ghaeilge mar phríomhtheanga na scoile, mar is í an Ghaeilge príomhtheanga an cheantair. Múintear na hábhair trí mheán na Gaeilge freisin.

Ceist 2

Is féidir an stór focal seo a phlé tar éis féachaint amháin.

small amount – *laghad*

in the post-primary schools – *sna hiar-bhunscoileanna*

which is rousing them into action – *atá á spreagadh chun gnímh*

busy – *cruógach*

the ... are accused of – *cuirtear i leith*

middle class – *meánaicme*

with little Irish – *ar bheagán Gaeilge*

society in general – *an tsochaí go ginearálta*

linguists – *teangeolaithe*

the general public – *an pobal i gcoitinne*

Ceist 3

Féach an script.

Ceist 4

Tá canúint Chonnacht ag na cainteoirí.

gasúir – páistí

sa nGaeltacht – sa Ghaeltacht atá i gCaighdeán Oifigiúil 1958

na hionraí (scoileannaí, ceantracha, roghannaí agus deiseannaí)

chuile – gach uile

Ceist 5

Ainmfhocail bhaininsneacha	Ainmfhocail fhirinsneacha
scoil, Gaeltacht, deis, gaelscolaíocht	feachtas, amhrán, margadh, teangeolaí

Ainmfhocail bhaininscneacha	Ainmfhocail fhirinscneacha
<p>Ainmfhocail a chríochnaíonn le consan caol: <i>scoil, deis</i></p> <p>Ainmfhocail a chríochnaíonn le –lann: <i>dánlann, leabharlann</i></p> <p>Ainmfhocail a chríochnaíonn le –eog agus –óg: <i>bróg, bileog</i></p> <p>Ainmfhocail a chríochnaíonn le –íocht agus –aíocht agus a mbíonn dhá shiolla nó níos mó iontu: <i>gaelscolaíocht, eacnamaíocht</i></p> <p>Ainmfhocail a chríochnaíonn le –eacht agus –acht agus a mbíonn dhá shiolla nó níos mó iontu: <i>Gaeltacht, gluaiseacht</i></p>	<p>Ainmfhocail a chríochnaíonn le consan leathan: <i>feachtas, amhrán, margadh</i></p> <p>Ainmfhocail a chríochnaíonn le –ín: <i>cailín</i></p> <p>Ainmfhocail a chríochnaíonn le –éir, –eoir, –óir, –úir, –aí agus –í agus a bhaineann le gairmeacha de ghnáth: <i>fiaclóir, teangeolaí</i></p> <p>Ainmfhocail a chríochnaíonn le –eacht nó –acht ach nach bhfuil ach siolla amháin acu: <i>ceacht, leacht</i></p>

Ceist 6

ar leith – special, remarkable

cuir i leith duine – to impute/accuse someone

tar i leith – come here

bheith i leith duine – to be in favour of someone

ó shin i leith – from then on

Eimear Ní Chonaola

Tá tuismitheoirí i gCois Fharráige, i nGaeltacht Chonamara, i mbun feachtais le Gaelcholáiste a bhunú. An laghad Gaeilge sna hiar-bhunscoileanna san áit, a deir siad, atá á spreagadh chun gnímh.

Maolra Mac Donnchadha

Cruógach le dlúthdhiosca nua amhrán do ghasúir, do mhargadh na Nollag, atá an píobaire Ronan Browne.

Ronan Browne, Tuismitheoir & Ceoltóir

Bhuel, is as Baile Átha Cliath mise agus is *blow in* mé. Bíonn daoine...bím ag caint le daoine agus bíonn siad ag rá, 'Gaelscoil sa nGaeltacht¹? Cén fáth? Is Gaeltacht í!' Is Gaeltacht lán le Béarla í. Agus, ní raibh aon Ghaeilge agamsa nuair a tháinig mé anseo. Fuair mé *í*², *at gun point*, (ó) mo bhean chéile. Agus tá sí³ agam anois agus tá mé sásta go bhfuil sí agam. Agus ba bhreá liom dá mbeadh mo ghasúir in ann dul chuig meánscoil cheart lán-Ghaeilge, i gConamara, ach níl, so tá siad ag imeacht go Gaillimh, go scoil lán-Ghaelach.

Maolra Mac Donnchadha

Cuirtear i leith na gaelscolaíochta sna bailte móra, gur bealach ag an meánaicme é a gcuid féin a chosaint.

Triona Uí Mhurchú, Príomhoide Choláiste Chroí Mhuire

Níor mhaith liom a cheapadh go mbeadh a leithéid i gceist. Is é an rud is fearr faoi scoileanna⁴ ná go nglacann siad le gach cineál gasúir, ó gach cineál cúlra, ar gach cineál cumais. Má chuireann scoileannaí fáilte roimh chuile chineál gasúir, fiú iad siúd ar bheagán Gaeilge, déanfaidh na scoileannaí níos fearr agus beidh na gasúir níos fearr as. Agus an pobal, an tsochaí go ginearálta, beidh sé níos folláine.

Darach Ó Scolaí, Tuismitheoir & Úrscéalaí

Ní mar a chéile, ar ndóigh, an cineál oideachais a bheadh ó dhuine amháin agus ó dhuine eile, nó i gceantrachai⁵ eile. Ach ba cheart go mbeadh an rogha ann agus go mbeadh roghanna⁶ ann agus go leor roghannaí, agus baineann sé le chuile shórt eile sa saol, ach, go háirithe tá muid ag cuimhneamh ar na gasúir, na deiseannaí⁷ a chur ar fáil do na gasúir.

Maolra Mac Donnchadha

Pléifear na ceisteanna seo ag seisiún eolais anseo i Seanscoil Sailearna, maidin Dé Sathairn seo chugainn, ag ócáid ag a mbeidh príomhoidí ó Ghaelscoileanna i gCill Dara agus i mBaile Átha Cliath, chomh maith le teangeolaithe, tuismitheoirí agus, táthar ag súil, an pobal i gcoitinne.

Maolra Mac Donnchadha, Nuacht TG4

¹ Córas Chonnacht

² é a deirtear sa mhír

³ sé a deirtear sa mhír

⁴ scoileanna an leagan caighdeánach

⁵ ceantair an leagan caighdeánach

⁶ roghanna an leagan caighdeánach

⁷ deiseanna an leagan caighdeánach